

# ACHOIMRE AR BHEARTA BHUISÉAD 2021

## ATHRUITHE BEARTAIS

### CLÁR AN ÁBHAIR

	Lch
<b>Beara Cánachais a thabharfar isteach in 2021</b>	<b>3</b>
<b>Cáin Ioncaim Phearsanta</b>	<b>3</b>
<b>Beara le tacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht/d'Fhiontair</b>	<b>4</b>
<b>Bheaga agus Mheánmhéide/don Earnáil Talmhaíochta</b>	<b>4</b>
<b>Tithíocht</b>	<b>5</b>
<b>Aeráid/Comhshaol</b>	<b>5</b>
<b>Frithsheachaint</b>	<b>5</b>
<b>Beara Cánachais Eile</b>	<b>6</b>
<b>ÁSPC Fostóra</b>	<b>7</b>



## Achoimre ar Bhearta Bhuiséad 2021– Athruithe Beartais

### Beartas Cánachais a thabharfar isteach in 2021

An Beart	Toradh /Costas 2021	Toradh /Costas Bliain Iomlán
<b>Cáin Ioncaim Phearsanta</b>		
<b>Cáin Ioncaim</b>		
Méadú ó €1,500 go €1,650 <sup>1</sup> ar an gCreidmheas Ioncaim Tuillte	-€24m	-€24m
Méadú ó €70 go €245 ar an gCreidmheas Gaoil Chleithiúnaigh	-€5.2m	-€5.9m
Síneadh leis an gCreidmheas Cánach do Phearsanra Cabhlaigh ar Muir go dtí an 31 Nollaig 2021 agus an creidmheas le méadú go €1,500 don bhliain 2021 (ó €1,270 in 2020).	-€0.5m	-€0.5m
<b>An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)</b>		
Beidh feidhm ag na hathruithe seo a leanas maidir leis an Muirear Sóisialta Uilíoch ón 1 Eanáir 2021.	-€6m	-€7m
<ul style="list-style-type: none"> <li>méadú €203 ar an mbuaicbhanda €20,484 go dtí €20,687</li> </ul>		
Cinntear leis an ráta 2% ar an mbuaicbhanda go bhfanfaidh oibrí fásta lánaimseartha a bhainfidh tairbhe ón méadú ar an íosráta pá san uair ó €10.10 go €10.20 lasmuigh de na hardrátaí MSU.		
<u>Mar seo a leanas a bheidh Rátaí &amp; Bandaí MSU ón 1 Eanáir 2021:</u>		
Beidh ioncaim €13,000 díolmhaithe. Thairis sin:	-	

<sup>1</sup> Cuirfear an beart seo i bhfeidhm i ndáil le bliain chánach 2020 freisin ar chostas iomlán €13m sa bhliain 2020.

<ul style="list-style-type: none"> <li>• €0 – €12,012 @ 0.5%</li> <li>• €12,012 – €20,687 @ 2%</li> <li>• €20,687 – €70,044 @ 4.5%</li> <li>• €70,044+ @ 8%</li> <li>• Ioncam ó fhéinfhostaíocht sa bhreis ar €100,000: formhuirear 3%</li> </ul> <p>Tá síneadh eile bliana le cur leis an ráta laghduithe MSU do shealbhóirí cárta leighis ar chostas measta €44m in 2021 agus ar chostas €53m sa bhliain ina dhiaidh sin. Is beart neodrach ó thaobh an ioncaim é seo ó tharla é san áireamh cheana sa mbonn cánach.</p>		-
<p><b>Bearta le tacaíocht a thabhairt d’Fhiontraíocht/d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide/don Earnáil Talmhaíochta</b></p> <p><b>Bosca Forbartha Eolais</b></p> <p>Síneadh dhá bhliain leis an mBosca Forbartha Eolais go dtí 31/12/2022<sup>2</sup></p> <p><b>Faoiseamh Scannán</b></p> <p>Tá síneadh bliana á chur le scéim Ratha Réigiúnaigh Alt 481 (Creidmheas Cánach Scannán) trí bhliain bhreise ratha a chur isteach ag ráta 5% in 2021. Laghdófar an ráta ratha go dtí 3% in 2022, go dtí 2% in 2023, agus go Nialas ina dhiaidh sin.</p> <p>Athrú ar an Ráta Faoisimh ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil d’Fhiontraithe</p> <p><b>Faoiseamh Comhdhlúthúcháin Feirme (Dleacht Stampa)</b></p> <p>Síneadh leis mar atá go dtí an 31 Nollaig 2022</p> <p><b>Faoiseamh maidir le Gaol Fola (Dleacht Stampa)</b></p> <p>Síneadh leis mar atá go dtí an 31 Nollaig 2023</p> <p>Síneadh le dliteanais chánach a Stórasú</p>	<p>-</p> <p>-€2m</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-</p>	<p>-</p> <p>-€2m</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-</p> <p>-</p>

<sup>2</sup> Is €14m an costas iomlán a mheastar a bheidh i gceist leis an mbeart seo, costas atá san áireamh sa bhonn cánach.

<p><b>Tithíocht</b></p> <p><b>An Scéim um Aisíoc i leith Forbairtí Cónaitheacha (Dleacht Stampa)</b></p> <p>Síneadh ó 31 Nollaig 2021 go 31 Nollaig 2022 agus mionleasuithe déanta uirthi</p>	-	-
<p><b>Cúnamh chun Ceannach</b></p> <p>Síneadh go dtí deireadh 2021 le bearta breise na scéime Cúnamh chun Ceannach (costas breise)</p>	-€43m	- €43m
<p><b>Bearta Aeráide agus Comhshaoil</b></p> <p><b>Cáin Charbóin</b></p> <p>Méadú €7.50 ar an Ráta Cánach Carbóin</p>	+€108m	+€147m
<p><b>Cáin Chláraithe Feithiclí</b></p> <p>Athruithe ar Cháin Chláraithe Feithiclí</p>	-	-
<p><b>Mótarcháin</b></p> <p>Athruithe ar Mhótarcháin</p>	-	-
<p><b>Liúntais Chaipitiúla Luathaithe i Leith Trealamh atá Éifeachtach ó thaobh Fuinnimh de<sup>3</sup></b></p> <p>Cuirfear síneadh trí bliana go dtí an 31/12/2023 leis an scéim um Liúntas Caipitiúil Luathaithe i Leith Trealamh atá Éifeachtach ó thaobh Fuinnimh de</p>	-€1m	-€1m
<p><b>Frithsheachaint</b></p> <p>Déanfar alt 541 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1991 a leasú chun scéim seachanta a dhúnadh.</p>	-	-
<p><b>Cáin Chorporáide – Cur i bhfeidhm BEPS/ATAD</b></p> <p>Déanfar leasú teicniúil ar Cháin Scoir (ATAD)</p>	-	-

<sup>3</sup> Meastar gur €4m an costas in aghaidh na bliana a bheidh i gceist leis an mbeart seo, costas atá san áireamh i bpáirt sa bhonn cánach.

<b>Bearta Cánachais Eile</b>		
<b>Cáin Bhreisluacha</b>		
Laghdófar go sealadach an ráta CBL ar mhíreanna Turasóireachta agus Fáilteachais <sup>4</sup> ó 13.5% go dtí 9%	-€336m	-
Méadófar ó 5.4% go dtí 5.6% Breisiú Ráta Comhréidh na bhFeirmeoirí	-€10m	-€12m
<b>Liúntais Chaipitiúla i leith Sócmhainní Doláimhsithe</b>		
Cuirfear rialacha leasaithe maidir le muirear cothromaíochta I bhfeidhm le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020	-	-
<b>Scéim Tacaíochta i leith Srianata Covid</b>		
Is €40m in aghaidh na seachtaine an costas a mheastar atá i gceist le Leibhéal 3 <sup>5</sup> a bheith i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta.	+€57m	+€57m
<b>Cáin ar Tháirgí Tobac</b>		
Cuirfear méadú 50c ar phaicéad 20 toitín mar aon le méadú pro-rata ar tháirgí tobac eile. Méadófar an Cháin Dleachta Máil Íosta ionas go ndéanfar an mál céanna a chur i bhfeidhm maidir le haon phaicéad 20 toitín a bhfuil praghas níos ísle ná €11.50 air amhail is go mba €11.50 an praghas a bhí air.		

<sup>4</sup> Is €401m an costas iomlán a mheastar a bheidh i gceist leis an mbeart seo ón 1 Samhain 2020 go dtí an 31 Nollaig 2021

<sup>5</sup> Faoi threoir shrianata Covid 19 a dhéanfar an costas iarbhír a chinneadh. Déanfar aon chostais a thiocfaidh chun cinn sa bhliain 2021 a íoc ón gCiste Náisiúnta Téarnaimh

### **ÁSPC Fostóra**

Ón 1 Eanáir 2021, méadófar ó €394 go dtí €398 tairseach ioncaim seachtainiúil an ardráta ÁSPC Fostóra.

-€3.1m

-€3.7m

Tá sin bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún um Pá Íseal chun a chinntiú nach ndéanfar, mar thoradh ar an méadú ar an bpá íosta in aghaidh na huaire, oibrithe a dhídhreasú chun oibre go háirithe iadsan atá ag lorg obair lánaimseartha.

